Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16807/25**

**SOC 848**
**EMPL 554**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe<br>Ceapachán Elizabeth EKENSTAF, comhalta thar ceann na Sualainne, in ionad Elin JANSSON, atá éirithe as oifig<br>– *Glacadh* |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Elin JANSSON éirithe as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais (thar ceann na Sualainne).

2. Faoi Airteagail 23 agus 24 de Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht d'oibrithe laistigh den Aontas[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO L 141, 27.05.2011, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Elizabeth EKENSTAF ainmnithe ag Rialtas na Sualainne don suíochán seo ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe san Aontas, a ghlacadh mar mhír 'A', mar a leagtar amach in 16808/25 é, agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.